# Tuismitheoirí na Gaeltachta

*Cúnamh agus tacaíocht do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh.*

## Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach.
## An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.
## Próiséas comhairliúcháin.
## Aighneacht ón eagraíocht Tuismitheoirí na Gaeltachta.

**Cúlra:**

Bunaíodh Tuismitheoirí na Gaeltachta (TnaG) i nGaeltacht na Gaillimhe i 2011, le tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh. Bhí an eagraíocht ag feidhmiú go deonach le maoiniú teoranta go dtí 2017. Tá TnaG ag feidhmiú ar bhonn náisiúnta ó 2018 mar chuid den phróiseas pleanála teanga. Tá aitheantas agus maoiniú stáit á fháil ag an eagraíocht ó Roinn na Gaeltachta agus cúnamh leanúnach ó Údarás na Gaeltachta. Tá TnaG páirteach i gcoistí comhairleacha stáit ar ábhair a bhaineann le cúrsaí Gaeltachta, Gaeilge agus Oideachais, ina measc coistí éagsúla faoi chúram an CNCM agus An Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá TnaG freagrach anois freisin as an bPacáiste Tacaíochta Teaghlaigh a dháileadh go náisiúnta ar son Roinn na Gaeltachta.

Go hachomair, feidhmíonn Tuismitheoirí na Gaeltachta chun:

- Abhcóideacht a dhéanamh thar ceann theaghlaigh a bhfuil an Ghaeilge mar theanga chlainne acu;
- Comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí atá ag tógáil a leanaí le Gaeilge nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh;
- Imeachtaí sóisialaithe agus eile a reáchtáil do theaghlaigh a bhfuil an Ghaeilge mar theanga bhaile acu;
- Imeachtaí a reáchtáil do leanaí atá á dtógáil le Gaeilge agus a bhfuil sé mar aidhm leo cur lena saibhreas teanga agus le nósmhaireachtaí bisiúla úsáidte Gaeilge;
- Taighde a dhéanamh agus a scaipeadh ar cheisteanna a bhaineann le tógáil clainne le Gaeilge;

**Réamhrá**

Mar thuismitheoirí, táimid ag iarraidh go mbeadh an t-oideachas is fearr agus is féidir ar fáil dár gclann. Táimid ag iarraidh go dtiocfaidh an fhorbairt chuí orthu

le linn a mblianta sa chóras dara leibhéal, a chuirfidh ar a gcumas tabhairt faoin saol mar dhaoine óga muiníneacha agus cumasacha, beag beann ar an rogha a dhéanfaidh siad nó cén chonair a roghnóidh siad tabhairt faoi sa saol.

Táimid go mór faoi chomaoin ag an Roinn Oideachais (agus an CNCM) as an aitheantas atá tugtha faoi dheireadh do chainteoirí dúchais Gaeilge Ghaeltachta sa chóras oideachais sa tír seo, sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta. Táimid fíor bhuíoch do na scoileanna, na Príomhoidí agus na múinteoirí as an obair mhór atá ar bun acu agus an polasaí á chur i bhfeidhm acu.

Mar dhlúthchuid den fhorbairt iomlán oideachais agus phearsanta a bhaineann le cainteoirí dúchais Gaeilge sa chóras oideachais tá muinín agus cumas. Ní mór soláthar ar chomhchéim leis an mBéarla a chur ar fáil le muinín sa Ghaeilge a chothú. Ní mór scileanna ardréime teanga a fhorbairt leis an gcumas sa teanga a chinntiú. Nithe iad seo a bhaineann le gach aon ábhar atá ar an gcuraclam, ní an Ghaeilge amháin. Ní gá a rá ach go mbeidh an tacaíocht, an oiliúint, na háiseanna & an chomhairle chuí ag teastáil ó lucht teagaisc leis an méid seo a bhaint amach.

Is fiú a lua go bhfuilimid, mar thuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge, ag iarraidh go mbeadh togha an Bhéarla ag ár gclann freisin ach táimid ag iarraidh go mbeadh togha na Gaeilge (a dteanga dúchais) acu – rud atá níos deacra bhaint amach mar atá léirithe i bpíosaí taighde éagsúla mar gheall ar bhrúnna éagsúla *(féach Péterváry, T.,* Ó Curnáin, *B.,* Ó Giollagáin*, C. agus Sheahan, J. Iniúchadh ar an gCumas Dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta).*

**<u>Aighneacht:</u>**

Ré nua a bheidh ann le teacht na sraithe sinsearaí agus fáiltímid roimhe. Ba mhaith linn na nithe seo a leanas a chur san áireamh sa phróiséas comhairliúcháin.

- Ba cheart go gcinnteofaí go mbeadh an Ghaeilge mar chroí-ábhar sa tsraith shinsearach agus go bhfaighfeadh gach dalta an deis staidéar a dhéanamh uirthi.

- Áiseanna agus acmhainní Gaeilge sna hábhair éagsúla a chur ar fáil ar chomhchaighdeán agus comhthreomhar lena macasamhail sa Bhéarla.
- Dhá shiollabas éagsúla sa Ghaeilge a chur ar fáil do scoileanna T1 agus T2 mar atá sa tsraith shóisearach.
- Chun go ndéanfar daltaí agus scoileanna a mhealladh le tabhairt faoin sainchúrsa Gaeilge T1 agus le go mbeadh meas ag daltaí ar an nGaeilge mar ábhar scoile bheadh Tuismitheoirí na Gaeltachta ag moladh go láidir go mbronnfaí pointí (nó a mhacasamhail) breise sa Ghaeilge T1 sa scrúdú a thiocfaidh in áit na hArdteiste. Toisc go bhfuil gach dalta sa tír ag brath ar chóras na bpointí, caithfear luach dá réir a thabhairt don obair bhreise ach go bhfuil gá le curaclam dúshlánach téagartha a thabharfaidh dúshlán do na Gaeilgeoirí maithe ach nach bhfágfaidh faoi mhíbhuntáiste iad.
- Ba chóir féachaint an bhféadfaí leas a bhaint as an gCreat Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha chun teagasc, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar an nGaeilge sa tsraith shinsearach.
- Ba chóir tagairt a dhéanamh don chultúr, don oidhreacht agus don Ghaeilge mar chuid den chuspóir don tsraith shinsearach a thagann ón athbhreithniú.
- Ba mhaith é dá bhféachfaí ar na haighneachtaí a cuireadh ar aghaidh mar chuid den phroiséas comhairliúcháin a bhí ar bun mar chuid de dhréachtú an Pholasaí Oideachais Gaeltachta agus na mianta a bhí ag tuismitheoirí dá gcuid páistí go háirithe.
- Feictear dúinn nach bhfuil aon bhéim sa chuspóir ar chultúr ná ar an nGaeilge – go deimhin feictear dúinn nach bhfuil siad luaite maith olc ná dona. Fágann an méid seo go bhfuil scoláirí arbh í an Ghaeilge a dteanga dúchais agus/nó a roghnaíonn a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge nó sa scoil Ghaeltachta fágtha ar lár. Níl sé seo ceart ná cóir. Ba chóir an cuspóir, luaite sa cháipéis chomhairliúcháin, a leasú leis an gcultúr agus leis an nGaeilge a chur san áireamh.
- Ba chóir go mbeadh béim ar fhorbairt chultúrtha chomh maith – tuiscint ar na healaíona agus oidhreacht shaibhir na tíre.
- Níl aon tagairt déanta faoin mbealach a thabharfar tacaíocht do scoileanna Gaeltachta cuspóirí na Sraithe Sinsearaí féin a bhaint amach trí cháipéisí, chiorcláin, sonraíochtaí agus acmhainní eile a fhoilsiú i nGaeilge go comhthreomhar le leaganacha Béarla de na cáipéisí céanna; Mar aon le hoiriúnú

ar ábhar tacaíochta, ábhar foghlama, acmhainní agus straitéisí don teagasc idirdhealaitheach don scoil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh an t-ábhar a chuirtí ar fáil i nGaeilge, inléite agus soléite i nGaeilge shoiléir.

- Ní mór tuilleadh machnaimh a dhéanamh chun a chinntiú go bhféadfar réimse leathan ábhar a chur ar fáil i scoileanna beaga, go háirithe i scoileanna beaga Gaeltachta, ionas go mbeidh an deis chéanna ag daoine óga taithí fhiúntach foghlama a bheith acu agus nach mbrúfar amach as an nGaeltacht iad ceall deiseanna staidéir.
- Má táthar le cur leis an réimse ábhar don tSraith Shinsearach, tá sé riachtanach plé a dhéanamh ar an mbealadh le daoine atá inniúil sa Ghaeilge a mhealladh le tabhairt faoi na cúrsaí cuí tríú leibhéal lena chinntiú go mbeidh soláthar cuí ann de mhúinteoirí sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Ní fiú an rogha ábhar a leathnú mura bhfuil múinteoirí ar fáil len'iad a theagasc. Treisíonn sé seo an tábhacht a bhaineann leis na Gaeilge ag leibhéal na sraithe sinsearaí agus na sainscileanna cuí a bheith ag na scoláirí. Seo an seans deireanach a bheith ag cuid de mhuintir na hÉireann staidéar a dhéanamh ar an teanga.
- Bheadh an-fhadhb ann sa Ghaeltacht dá mbeadh an rogha ag daltaí scoile gan staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge, agus bheadh baol ann dá reir don pholasaí oideachais Gaeltachta agus gach straitéis agus polasaí Stáit a bhfuil d'aidhm aige an teanga dhúchas a chaomhnú, a chosaint agus a neartú.
- Feictear dúinn nach bhfuil scoileanna Gaeltachta & lán-Ghaeilge luaite sa phróifíl scoileanna.
- Chuirfeadh athrú ar stádas na Gaeilge deireadh le roinnt mhaith coláistí samhraidh sa Ghaeltacht, rud a dhéanfaidh damáiste ollmhór do na Gaeltachtaí sin ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta, muiníne, chomh maith leis na ceantair sin a imeallú tuilleadh ón gcuid eile den tír. Bhrisfí chomh maith an caidreamh idir foghlaimeoirí agus cainteoirí dúchais.
- Dá ndéanfaí ábhar roghnach den Ghaeilge, bheadh sé ag dul in aghaidh polasaí stáit na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-30 agus glan in aghaidh an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.
- Ó thaobh díolúine sa Ghaeilge - d'fhéadfaí córas a chur i bhfeidhm do dhaltaí (mar atá sa chreat Eorpach), chun deacrachtaí foghlama aitheanta, agus atá lag i scríobh na Gaeilge go mbeadh deis acu díriú ar an nGaeilge labhartha.



*Déan teagmháil linn ag eolas@tuismitheoiri.ie nó 091 869571* ***Tuismitheoirí na Gaeltachta – Conamara*** ***@tuismitheoiri***

**Aonad 3B&C Páirc Gnó na Ceathrún Rua, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.**

D'fhéadfaí sin a thógáil san áireamh sna pointí ardteiste a bhronnfar ar an dalta sin. Bheadh a leithéid ag tacú le cearta oideachais na ndaoine óga seo seachas díolúine a bhronandh agus na cearta sin a shéanadh orthu. D'fhéadfaí a mhacasamhail a dhéanamh do dhaltaí a bheadh ag teacht isteach déanach sa chóras – agus go bhféadfaidís an chéad leibhéal den chreat a bhaint amach in ionad a bheith coinnithe amach as an rang Gaeilge agus na pointí Ardteiste a bheith bunaithe ar an gcéad chéim den chreat.

- Is cóir na bealaí a dhéantar tuairisciú ar dhul chun cinn na ndaltaí a fhorbairt.

Tá TnaG ar fáil chun cúnamh, tacaíocht nó comhairle a chur ar fáil mar chuid den phróiseas comhairliúcháin seo nó fiú ina dhiaidh sin. Tá muid buíoch as an deis seo a fháil aighneacht a chur faoi bhur mbráid. Go n-éirí leis an bpróiseas.

Tuismitheoirí na Gaeltachta, 1 Samhain 2019.